



An Roinn Oideachais  
Department of Education

# Measúnú agus Tuairisciú ar fhoghlaim Scoláirí – an tSraith Shóisearach 2021

## 1. Réamhrá

Leagtar amach sna treoirínte seo socruithe chun tacú le scoileanna agus le hionaid don oideachas ina gcur chuige maidir le tuairisciú a dhéanamh ar ghnóthachtálacha foghlama agus dul chun cinn scoláirí a bhfuil a gcúrsa staidéir sa tSraith Shóisearach á chríochnú acu in 2021.

## 2. Comhthéacs

- Ní féidir scrúduithe na hArdteistiméireachta agus scrúduithe na Sraithe Sóisearaí a sholáthar in 2021, i gcomhthéacs na ndúshlán leanúnach a bhaineann le COVID-19 agus bunaithe ar chomhairle sláinte phoiblí. Dá bhrí sin, ní dhéanfar scrúduithe na Sraithe Sóisearaí a réachtáil i mbliana. Mar thoradh air sin, ar aon dul le 2020, tá gá le socruithe malartacha chun tuairisciú a dhéanamh ar ghnóthachtálacha scoláirí a bhfuil an tSraith Shóisearach á chríochnú acu in 2021.
- Aithnítear gur cuireadh as d'fhoghlaim scoláirí a bhfuil an tSraith Shóisearach á chríochnú acu in 2021 agus gur chaill siad teagasc agus foghlaim aghaidh ar aghaidh in 2020 agus níos déanaí ná sin in 2021.
- Tá dianiarrachtaí déanta ag lucht bainistíochta scoileanna agus ag múinteoirí chun teagasc éigeandála ó chian agus deiseanna foghlama a sholáthar do scoláirí fad a bhí na scoileanna dúnta. Nuair a fhillfidh scoláirí ar an teagasc aghaidh ar aghaidh beidh tuilleadh deiseanna acu go fóill a bheith rannpháirteach san fhoghlaim agus sa mheasúnú.
- Táthar ag súil faoi láthair go bhfillfidh scoláirí sa tríú bliain ar an scoil i mí Aibreáin 2021. Táthar ag súil, le tacaíocht a gcuid múinteoirí, go mbeidh ar chumas scoláirí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama agus go mbeidh siad ag obair chun a gcúrsa staidéir sa tSraith Shóisearach a chríochnú. Cabhróidh sé sin chun scoláirí na Sraithe Sóisearaí a ullmhú le dul ar aghaidh chuig an tSraith Shinsearach.
- Cé go mbeidh formhór a gcuid measúnuithe rangbhunaithe<sup>1</sup>, agus/nó a ngearrchúrsaí agus/nó a gcuid aonad tosaíochta foghlama (ATFanna) críochnaithe ag mórán scoláirí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an gnáthréimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe curtha i gcrích go comhsheasmhach do na scoláirí go léir.

---

<sup>1</sup> Ag tagairt do na socruithe leasaithe do chríochnú na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) do chohórt scoláirí 2018 - 2021 (scoláirí sa tríú bliain in 2020/21)

- **Sa chomhthéacs sin, níl úsáid Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) oiriúnach mar mheicníocht tuairiscithe agus teastasaithe in 2021.**

### 3. Príomhghnéithe

In 2021, tabharfar aitheantas do ghnóthachtáil foghlama agus do dhul chun cinn scoláirí na Sraithe Sóisearaí le cineál teastasaithe dhúbailte a ceapadh chun freastal ar na cúinsí eisceachtúla reatha atá tagtha chun cinn de bharr phaindéim COVID-19.

Beidh dhá ghné ag baint le teastasú gach scoláire:

- ***Teastas Stáit um Chríochnú na Sraithe Sóisearaí ón Roinn Oideachais.***  
Sonrófar ar an teastas sin gur chríochnaigh an scoláire clár staidéir na Sraithe Sóisearaí. I gcás gach scoláire, beidh liosta na n-ábhar, na ngearrchúrsaí agus/nó na n-aonad tosaíochta foghlama a ndearna sé/sí staidéar orthu le linn chlár na Sraithe Sóisearaí san áireamh ar an teastas.
- ***Tuairisc scoile*** ina ndéantar cur síos ar ghnóthachtálacha foghlama an scoláire le linn chlár na Sraithe Sóisearaí. Ba cheart go bhfaigheadh gach scoláire tuairisc agus go léireofaí inti an réimse leathan foghlama a ghnóthaigh an scoláire i ngach ábhar, gearrchúrsa agus/nó aonaid tosaíochta foghlama ag deireadh na Sraithe Sóisearaí. Cuirfidh na múinteoirí an measúnú ar an bhfoghlaim ar fáil, bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil. Tá cead ag gach scoil, tar éis di dul i gcomhairle le múinteoirí na scoláirí sa tríú bliain, na modhanna measúnaithe agus formáid na tuairisce scoile a úsáidfear a roghnú.

Tá roinnt teimpléid shamplacha forbartha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun tuairiscíú a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach agus is féidir rochtain a fháil orthu sin [anseo](#).

### 4. Measúnú na scoile ar ghnóthachtáil foghlama scoláirí

- Chun an t-am don teagasc agus don fhoghlaim a chosaint agus chun cúrsaí a chríochnú, ba cheart cur chuige cothrom a ghlacadh maidir le tuilleadh fianaise ar ghnóthachtáil scoláirí sa tríú bliain a bhailiú sa chuid eile den scoilbhliain. Ba cheart a bheith cúramach nach bhfuil rómheasúnú á dhéanamh ar scoláirí sa tríú bliain ar fhilleadh chun na scoile dóibh.

- Déanfar an measúnú ar ghnóthachtálacha foghlama na scoláirí i ngach ábhar ar leibhéal na scoile. Ag baint tairbhe as eolas gairmiúil na múinteoirí, beidh cead ag scoileanna na modhanna measúnaithe scoil-bhunaithe is iomchuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm do chohórt na scoláirí sa tríú bliain ar feadh an chuid eile den bhliain acadúil.
- Féadfaidh scoileanna agus múinteoirí líon teoranta de mheasúnuithe breise a réachtáil suas go dtí an 21 Bealtaine. Ba cheart na measúnuithe sin a bhreithniú i gcomhréir leis an bhfianaise atá ann cheana féin maidir le foghlaim na scoláirí thar thréimhse an chláir nuair atáthar ag tuairisciú do scoláirí ar a ngnóthachtálacha in ábhair ar an tuairisc scoile.
- Ba cheart go gcuimseodh an réimse fianaise gníomhaíochtaí measúnaithe foirmitheacha agus suimitheacha ar thug scoláirí fúthu dá Sraith Shóisearach.
- Moltar do scoileanna réimse fianaise a úsáid chun bonn eolais a chur faoina measúnú ar ghnóthachtálacha scoláirí. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh iontu sin:
  - Fianaise atá ar fáil cheana féin ó thascanna, tástálacha, dialanna, portfóilíonna, tionscadail, obair phraiticiúil agus obair eile a cuireadh i gcrích le linn an dara agus an tríú bliain;
  - Scrúduithe a dearadh sa scoil, tascanna, tionscadail, sannacháin, ceisteanna a mbaineann stíl aiste leo, cuir i láthair, nó tascanna eile a roghnóidh an múinteoir as an réimse de chuir i láthair a aontaíodh ar leibhéal na scoile.
- Ba cheart go nglacfaidh gach scoil cur chuige scoile uile maidir le measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnóthachtáil scoláirí sa tríú bliain tar éis dul i gcomhairle le múinteoirí. Ba cheart go ndéanfaidh an scoil cumarsáid le tuismitheoirí agus le scoláirí maidir leis an gcur chuige atá beartaithe aici agus an tréimhse ama chun measúnuithe breise ar bith a chríochnú.
- I gcás gach ábhair, ba cheart go gcinneadh na múinteoirí ábhair ar leith an fhianaise ar fhoghlaim a bheidh á húsáid agus aon mhodh measúnaithe breise a roghnófar i gcomhthéacs an chuir chuige scoile uile a glacadh. Tá eolas ag na múinteoirí ar a gcuid scoláirí agus ar an bhfianaise ar fhoghlaim atá ar fáil cheana féin agus is féidir leo cothromaíocht a thabhairt do roinnt tosca nuair a bhíonn siad ag teacht ar mhodh measúnaithe breise atá oiriúnach le cur i bhfeidhm dá gcuid scoláirí, más gá.

## 5. Tosca le cur san áireamh nuair atá measúnú á dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ar mhaithe le tuairisciú na scoile ar fhoghlaim scoláire.

- Ba cheart cur chuige comhoibríoch a ghlacadh i scoileanna chun achar ama oiriúnach a cheapadh i dtaca le measúnú ar bith a chríochnú agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh air ar leibhéal scoile uile lena chinntiú go bhfuil na hachair ama cothrom agus gur féidir iad a bhaint amach. I ngach cás, ba cheart go mbeadh na measúnuithe breise, má réachtáiltear iad, críochnaithe roimh an 21 Bealtaine 2021.
- I gcás gach ábhair, ba cheart go gcinneadh na múinteoirí ábhair lena mbaineann an fhianaise ar fhoghlaim a bheidh á húsáid agus aon mhodh measúnaithe a roghnófar i gcomhthéacs an chuir chuige scoile uile a glacadh thuas. Tá eolas ag na múinteoirí ar a gcuid scoláirí agus is féidir leo cothromaíocht a thabhairt do roinnt tosca nuair a bhíonn siad ag teacht ar na cineálacha measúnuithe breise is oiriúnaí le cur i bhfeidhm dá gcuid scoláirí.
- Ba cheart go mbeadh raon feidhme teoranta ag baint le haon mheasúnú breise nó le haon chineál eile taisc ag deireadh na bliana agus/nó le haon chineál scrúdaithe a bhfuil comhaontú ann go mbeidh siad le cur i gcrích ag scoláirí, críochnú comhpháirteanna praiticiúla ábhair, go hiomlán nó go páirteach san áireamh. Ba cheart go gcuirfí san áireamh an cur isteach a rinneadh ar fhoghlaim scoláirí in 2020 agus 2021, agus go n-aithneofaí go mb'fhéidir nach mbeadh roinnt scoláirí ábalta tabhairt faoi mheasúnuithe breise den sórt sin mar gheall ar cheisteanna a d'eascair as paindéim COVID-19.
- Ba cheart go ndéanfaidh an múinteoir ranga na measúnuithe rangbhunaithe a úsáidfeá a cheapadh agus a mharcáil. Ba cheart go mbeadh teacht ag gach scoláire sa rang ar an bhformáid mheasúnaithe a roghnófar. Ba cheart go gcuirfí rochtain na scoláirí ar an modh a roghnaítear san áireamh nuair atá modh nó formáid an mheasúnaithe a úsáidfeá á roghnú (mar shampla, formáid scríofa nó leictreonach).
- Nuair is gá, féadfar ualú níos mó a thabhairt d'obair a chuir scoláirí i gcrích le linn teagasc agus foghlama aghaidh ar aghaidh, má tharlaíonn sé go raibh deacrachtaí ag scoláirí maidir le rochtain a fháil ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú éigeandála ó chian. Féadfar obair a cuireadh i gcrích le linn na tréimhse nuair a bhí na scoileanna dúnta in 2020 agus in 2021 a chur san áireamh, ach ní mór do mhúinteoirí a bheith airdeallach maidir leis an tionchar a bhí ag an dúnadh scoileanna sin ar chumas scoláirí a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim bhreise agus ar a gcumas tascanna a tugadh dóibh a chur i gcrích le

linn na dtréimhsí sin. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás scoláirí atá i mbaol an-mhór de bharr COVID-19.

- Nuair is iomchuí, ba cheart go gcuirfí scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu san áireamh i modh nó i bhformáid an mheasúnaithe a úsáidtear agus go ndéanfaí cuir chuige dhifreáilte a sholáthar ionas gur féidir le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain a fháil ar an modh measúnaithe atá oiriúnach dóibh agus go mbeifí solúbtha i dtaca lena gcomhthéacs ar leith.
- I mí na Bealtaine 2020, rinneadh coigeartuithe ar líon na measúnuithe rangbhunaithe (MRBanna) a bhí le cur i gcrích ag na scoláirí reatha sa tríú bliain. De réir na socruithe leasaithe níl ar gach scoláire ach MRB amháin a chur i gcrích in ionad an dá cheann mar is gnách. Ós rud é nach ndéanfaidh na scoláirí reatha sa tríú bliain Scrúduithe Stáit na Sraithe Sóisearaí, níl gá le Tascanna Measúnaithe d'ábhar ar bith in 2021.
- I mí Mheán Fómhair 2020, d'eisigh CNCM treoir bhreise inar tairgeadh tuilleadh solúbthachta maidir leis na dátaí tábhachtacha do chríochnú phróiseas na MRBanna i gcás na scoláirí reatha sa tríú bliain, áit a raibh deacrachtaí suntasacha ag scoileanna de bharr COVID-19. Ceadaíonn críochnú phróiseas na MRBanna, lena n-áirítear Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus Measúnú Ábhar (AFMÁ), tuairiscín a bhronnadh ar an scoláire ar a t(h)uairisc i leith an MRB atá fágtha i ngach ábhar.
- Ba cheart go mbeadh deis ag scoláirí aon mheasúnuithe breise a chríochnú taobh istigh d'achar ama atá sainithe go soiléir. Ba cheart cur chuige comhoibríoch a úsáid i scoileanna chun achar ama oiriúnach a cheapadh i dtaca le measúnuithe breise a chríochnú agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh air ar leibhéal scoile uile lena chinntiú go bhfuil na hachair ama cothrom agus gur féidir iad a bhaint amach **agus nach rómheasúnú ar scoláirí agus iad ag filleadh ar an scoil an toradh a bheidh orthu**. I ngach cás, ba cheart go mbeadh na measúnuithe go léir críochnaithe agus marcáilte roimh an 28 Bealtaine 2021.
- I gcás scoláirí i scoileanna speisialta a bhfuil ábhair, ATFanna agus/nó gearrchúrsaí á gcríochnú acu mar chuid dá gClár Foghlama Leibhéal a Dó (CFL2) is é an 18 Meitheamh 2021 an spriocdháta chun measúnú a chríochnú agus tuairiscíú a dhéanamh air. Tá treoir bhreise do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le bailiú fianaise do ATFanna agus maidir leis an measúnú agus an tuairiscíú leasaithe ar CFL1 agus CFL2 do na scoláirí reatha sa tríú bliain (2020-2021) ar fáil [anseo](#).

## 6. An tuairisc a sholáthar do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí

- Ba cheart go bhfaigheadh scoláirí agus a gcuid thuismitheoirí/chaomhnóirí tuairisc i scríbhinn ón scoil maidir leis an dul chun cinn agus maidir leis an ngnóthachtáil i ngach ábhar, gearrchúrsa agus/nó aonad tosaíochta foghlama, Folláine agus réimsí eile foghlama.
- Ba cheart go mbeadh na hábhair a ndearnadh staidéar orthu, an leibhéal (más infheidhme), na gráid agus/nó na tuairiscíní a bronnadh san áireamh i dtuairisc scoile an scoláire. Ba cheart go mbeadh sonraí ar leith inti freisin maidir leis na tuairiscíní a bronnadh i leith Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) agus/nó Aonaid Tosaíochta Foghlama.
- Chomh maith leis sin, ba cheart go gcuirfeadh an tuairisc deis ar fáil do scoileanna gnéithe eile den ghnóthachtáil a thuairisciú, lena n-áirítear an clár folláine a chuir na scoláirí i gcrích.
- Féadfaidh scoileanna teimpléad tuairiscithe atá ar fáil ó CNCM a úsáid ach tá cead ag scoileanna a bhformáid tuairiscithe féin a cheapadh.
- Ba cheart an tuairisc a chur ar fáil do scoláirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí chomh luath agus is féidir tar éis scoilbhliain 2020/21 a bheith críochnaithe.

## 7. Teastasú Stáit a Sholáthar

- Déanfaidh an Roinn Oideachais teastas a sholáthar do gach scoláire ina léireofar go bhfuil clár staidéir na Sraithe Sóisearaí críochnaithe, chomh maith le liosta na n-ábhar, na ngearrchúrsaí, agus/nó na n-aonad tosaíochta foghlama a ndearnadh staidéar orthu.
- Tógfar na sonraí sin ón mBunachar Sonraí ar Líne d'Iar-bhunscoileanna (PPOD) atá ag an Roinn agus ní rachfar thar an teorainn de 10 n-ábhar i gcomhair teastasaithe atá leagtha síos i gCiorclán 0076/2020 (nó níos ísle ná sin i gcás go ndearna an scoláire staidéar ar ghearrchúrsaí).
- Déanfar an teastas sin a sholáthar i scoilbhliain 2021/22.

## 8. Foghlaimeoirí Lánfhásta agus Luathfhágálaithe Scoile

- In 2020 chuir CSS socruithe ar leith i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí lánfhásta a bhfuil an tsolúbthacht acu staidéar a dhéanamh ar ábhar nó ar ábhair ar leibhéal na Sraithe Sóisearaí laistigh de bhliain acadúil amháin. Leathnaíodh na socruithe sin le go mbeadh luathfhágálaithe scoile san áireamh iontu.
- Táthar ag smaoineamh ar scrúduithe scríofa na Sraithe Sóisearaí a reáchtáil níos déanaí d'fhoghlaimeoirí lánfhásta agus do luathfhágálaithe scoile, agus go mbeidh na scrúduithe teoranta dóibh siúd amháin. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil faoi seo in am trátha.
- Ní bheidh na scrúduithe sin ar fáil ach amháin d'fhoghlaimeoirí/do scoláirí a shásaíonn na critéir shonracha cháilithe.

## 9. Comhairle agus Tacaíocht Bhreise

Tá comhairle agus tacaíocht bhreise maidir le measúnú agus tuairisciú ar fáil ag [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie) agus [www.jct.ie](http://www.jct.ie)

### Measúnú:

- [Díriú-ar-an-bhfoghlaim - CNCM](#)
- <https://jct.ie>

### Tuairisciú:

- [Tuairisciú - CNCM](#)
- <https://jct.ie>